# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2013*

# Speisialachas Gairmiúil – Innealtóireacht
**(240 marc)**

Dé Luain, 10 Meitheamh

Maidin 9:30 – 11:00

***Treoirlínte Ginearálta d'Iarrthóirí***

1. Scríobh do **scrúduimhir** sa spás seo.
2. Freagair **gach** ceist as Roinn 1.
3. Freagair **trí** cheist **ar bith** as Roinn 2.
4. Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh agus bíodh sceitsí san áireamh de réir mar is cuí.
5. Tabhair suas an páipéar seo i ndeireadh an scrúdaithe.
6. Má thugtar faoi Cheist 7, freagair **dhá** thopaic **ar bith**.



| *Don Fheitheoir amháin* | *Don Scrúdaitheoir amháin* | |
|---|---|---|
| *Stampa an Ionaid* | 1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| | 2. Iomlán na gceisteanna dícheadaithe ar fad | |
| | 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| | 4. Bónasmharc don fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| | 5. Marc iomlán a bronnadh má bhíonn Bónas Gaeilge i gceist (3+4) | |
| | Nóta: Ní mór an marc i gcolún 3 (nó colún 5 má bhronntar Bónas Gaeilge) a bheith mar an gcéanna leis an marc iomlán ar an liopa i ndeireadh an páipéar. | |




## *Roinn 1* (90 Marc)



Freagair **gach ceann de na trí** cheist


*Roinn 1* **C1.** **45 mharc**

Tabhair freagraí gearra ar **chúig cinn déag ar bith** díobh seo a leanas:
(Tá cead agat sceitsí a úsáid chun do chuid freagraí a mhíniú.)

| CEIST | FREAGRA |
|---|---|
| **(a)** Luaigh úsáid oiriúnach don deimheas stáin thall.  | Úsáid ______________________ |
| **(b)** Sainaithin próiseas oiriúnach chun na miotail san fhráma thall a cheangal.  | Próiseas Ceangail ______________________ |
| **(c)** Ainmnigh an uirlis marcáilte **A** atá á húsáid chun brac íochtair an rothair a athrú.   | Ainm na huirlise ______________________ |
| **(d)** Sainaithin an pionna innealtóireachta marcáilte **A** agus luaigh úsáid **amháin** a bhaintear as.   | Ainm ______________________ <br> Úsáid ______________________ |
| **(e)** Ainmnigh ábhar oiriúnach chun lann an tsiséil marcáilte **A** a dhéanamh agus tabhair cúis **amháin** le do rogha ábhair.   | Ainm an ábhair ______________________ <br> Cúis ______________________ |

| CEIST | FREAGRA |
|---|---|
| **(f)** Tá giar **A** ag gluaiseacht sa treo a thaispeántar. Cuir tic sa bhosca ceart chun gluaiseacht giair **B** a thaispeáint.   | Cuir tic sa bhosca ceart chun gluaiseacht giair **B** a thaispeáint.<br> ☐<br> ☐ |
| **(g)** Sainaithin an uirlis ghearrtha marcáilte **A** agus tabhair réamhchúram sábháilteachta **amháin** nach mór a chomhlíonadh agus an uirlis seo á húsáid.   | Ainm ______________________<br>Réamhchúram sábháilteachta<br>______________________<br>______________________ |
| **(h)** Ainmnigh an cnó speisialta a thaispeántar agus tabhair úsáid oiriúnach dó.  | Ainm ______________________<br>Úsáid ______________________<br>______________________ |
| **(i)** Luaigh ábhar oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid i ndéantús an phludgharda marcáilte **A**, ar an ngluaisrothar a thaispeántar thall.  A | Ábhar oiriúnach<br>______________________<br>______________________ |
| **(j)** Cuir tic sa bhosca ceart a léiríonn an **dá** mhiotal a úsáidtear agus an boschrann cóimhiotail práis a thaispeántar thall á dhéanamh.  | Luaidhe agus Stán ☐<br>Copar agus Sinc ☐<br>Copar agus Stán ☐ |


| CEIST | FREAGRA |
|---|---|
| **(k)** Ainmnigh an uirlis a thaispeántar thall agus luaigh úsáid **amháin** a bhaintear aisti sa seomra Innealtóireachta.  | Uirlis ______________________<br>Úsáid ______________________<br>______________________ |
| **(l)** Mínigh an fheidhm atá ag an bpáirt marcáilte **A** sa phíbobair a thaispeántar thall. **A**  | Feidhm na páirte **A**<br>______________________<br>______________________ |
| **(m)** Sainaithin an uirlis mharcála a thaispeántar.  | Ainm na huirlise marcála<br>______________________<br>______________________ |
| **(n)** Ainmnigh an mhír innealtóireachta a thaispeántar thall agus luaigh miotal oiriúnach a d'fhéadfaí a úsáid agus é á dhéanamh.  | Ainm na míre ______________________<br>Miotal Oiriúnach ______________________<br>______________________ |
| **(o)** Sainaithin an cineál scriú a thaispeántar agus luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an gcineál seo scriú a úsáid.  | Ainm an Scriú ______________________<br>Buntáiste ______________________<br>______________________ |

| CEIST | FREAGRA |
| --- | --- |
| **(p)** Tabhair breac-chuntas ar mhodh oiriúnach chun ainm a chur ar an spás marcáilte **A** ar an bhfáinne eochrach a thaispeántar thall.   | Modh oiriúnach____________________<br>______________________________<br>______________________________ |
| **(q)** Tabhair ainm agus úsáid don uirlis a thaispeántar thíos.  | Ainm na huirlise __________________<br>Úsáid __________________________<br>______________________________<br>______________________________ |
| **(r)** Sainaithin mórdhifríocht **amháin** idir na hinnill druileála iniompartha a thaispeántar thíos.   | Mórdhifríocht<br>______________________________<br>______________________________<br>______________________________ |
| **(s)** Tabhair úsáid oiriúnach do na líomháin snáthaide a thaispeántar thíos.  | Úsáid __________________________<br>______________________________<br>______________________________<br>______________________________ |
| **(t)** Mol bailchríoch oiriúnach don chroch pota lasmuigh a thaispeántar thall agus tabhair cúis **amháin** le do rogha.  | Bailchríoch oiriúnach _______________<br>Cúis __________________________<br>______________________________<br>______________________________ |


Taispeántar thíos cló pictiúrtha lógó le haghaidh méaróg USB.
Tarraing an **dá** chló seo a leanas den lógó ar an bpáipéar greille thall:

**(a)** Aghaidhchló sa treo ina bhfuil an tsaighead **A**.

**(b)** Bonnchló teilgthe ó chló **(a)**.




Nóta: Seasann gach cearnóg den ghreille do 5 mm



*Roinn 1* **C3.** **20 marc**

**(a)** Déan cur síos sna spásanna a thugtar ar an *'dainséar'* atá i gceist le **gach ceann** de na **cúig** shiombail shábháilteachta a thaispeántar thíos.

| | Siombail | Cur Síos |
|---|---|---|
| (i) |  | ____________________ ____________________ |
| (ii) |  | ____________________ ____________________ |
| (iii) |  | ____________________ ____________________ |
| (iv) |  | ____________________ ____________________ |
| (v) |  | ____________________ ____________________ |

**(b)** Sainaithin **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir do mhic léinn a chomhlíonadh agus iad ag táthú miotal.



Réamhchúram Sábháilteachta 1____________________

________________________________

Réamhchúram Sábháilteachta 2____________________

________________________________

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta **ar bith** a chaithfear a chomhlíonadh agus an scrollsábh á úsáid.



Réamhchúram Sábháilteachta 1 ____________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________



Réamhchúram Sábháilteachta 2 ____________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(d)** Luaigh riachtanas slándála **amháin** le go n-úsáidfí an t-uillinnmheilteoir leictreach a thaispeántar go sábháilte.



______________________________________________

______________________________________________

**(e)** Taispeántar sa léaráid thall ualach á iompar ar dhá shlí éagsúla. Tá slí amháin acu seo ceart, tá an tslí eile mícheart.
Cuir tic i gceann **amháin** de na boscaí thíos chun an tslí cheart chun an t-ualach a ardú a chur in iúl agus ansin tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

Slí **A**      Slí **B**



Slí **A** ☐

Slí **B** ☐

Cúis ____________________________________________________________

____________________________________________________________

 **C4.**

*Roinn 2 (150 Marc)*
Freagair **trí** cheist **ar bith**

**50 marc**

**(a)** Dear, sna spásanna a thugtar, brac oiriúnach chun an ceamara teilifíse ciorcaid iata (cctv) a cheangal do bhinn an tí.





Ba chóir go dtaispeánfadh an dearadh **gach ceann** díobh seo a leanas go sóiléir:

**(i)** Modh chun an brac a cheangal de bhalla na binne;
**(ii)** Modh chun an ceamara a cheangal den bhrac.

**I nGreille A** tarraing **dhá** sceitse **ar a laghad** de smaointe éagsúla a chuir tú san áireamh le haghaidh dhearadh bhrac an cheamara.

**I nGreille B** tarraing sceitse den **réiteach deiridh** le haghaidh bhrac bhrac an cheamara.

Ba chóir **dhá sceitse** ar a laghad le haghaidh bhrac an cheamara a tharraingt thíos **i nGreille A**.

**Greille A - SMAOINTE**

Ba chóir sceitse den **réiteach deiridh** le haghaidh bhrac an cheamara a tharraingt thíos i **nGreille B**.

**Greille B – RÉITEACH DEIRIDH**

**(b)** Taispeántar rothar traidisiúnta ag **A** agus rothar nua-aimseartha ag **B**. Imlínigh **trí** mhórdhifríocht idir ghnéithe dearaidh an dá rothar.

1.______________________________________

______________________________________

2.______________________________________

______________________________________

3.______________________________________

______________________________________


**Rothar A**
(Rothar Traidisiúnta)



**Rothar B**
(Rothar Nua-aimseartha)



**(a)** Taispeántar thíos léaráid de mhionsamhail d'inneall.
Tabhair ainm agus déan cur síos ar fheidhm **gach** ceann de na páirteanna lipéadaithe, **P**, **Q**, **R** agus **S**.




| Páirt | Ainm na Páirte | Feidhm |
|---|---|---|
| | | |
| **P** | | |
| | | |
| | | |
| **Q** | | |
| | | |
| | | |
| **R** | | |
| | | |
| | | |
| **S** | | |
| | | |


**(b)** Sainaithin an mheicníocht cairr lipéadaithe **A** sa léaráid thall agus déan cur síos ar an bhfeidhm atá aici.

Ainm ______________________________________________

Feidhm ____________________________________________

___________________________________________________

___________________________________________________





**(c)** Déan cur síos sna spásanna thíos ar na príomhchéimeanna a bhaineann le hola in inneall cairr a athrú. Seans go gcabhróidh na fótagraif a thaispeántar leat i do fhreagra.

| | Céimeanna | Cur Síos |
|---|---|---|
| 1 |  | |
| 2 |  | |
| 3 |  | |
| 4 |  | |
| 5 |  | |

**(a)** Tabhair cur síos achomair, sna spásanna thíos, ar **thrí** chéim **ar bith** a úsáidtear chun an scrolla maisiúil ar an ráille sábháilteachta a thaispeántar, a dhéanamh. Is féidir leat tagairt a dhéanamh sa chur síos do mhodh cóireála te **nó** fuar chun an scrolla a dhéanamh.
*(Úsáid sceitsí de réir mar is cuí.)*





Céim 1 ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Céim 2 ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Céim 3 ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

**(b)** Déantar an mhuince ag **A** thíos trí phróiseas an chruanta. Déan cur síos achomair, sna spásanna thíos, ar **cheithre** phríomhchéim **ar bith** a úsáidtear chun an mhuince a dhéanamh. Seans go gcabhróidh na fótagraif a thaispeántar, leat i do fhreagra.

*(Úsáid sceitsí de réir mar is cuí.)*



A

Céim 1 ______________________________

______________________________

______________________________

Céim 2 ______________________________

______________________________

______________________________

Céim 3 ______________________________

______________________________

______________________________

Céim 4 ______________________________

______________________________

______________________________

**(c)** Luaigh **dhá** réamhchúram sábháilteachta a chaithfear a chomhlíonadh le linn an phróisis chruanta.

Réamhchúram 1 ______________________________

______________________________

Réamhchúram 2 ______________________________

______________________________

# Modúl Córas

(Áirítear **dhá** thopaic **ar bith** mar mhodúl iomlán.)

Freagair **dhá cheann ar bith** as na cúig thopaic seo a leanas.

Topaic (a) – Dearadh Ríomhchuidithe (CAD)


Topaic (b) – Leictreachas

Topaic (c) – Leictreonaic

Topaic (d) – Meicníochtaí

Topaic (e) – Neomataic

**(a)** Taispeántar líníocht shimplí CAD thíos. Liostaigh **ceithre** ordú CAD **ar bith** atá riachtanach chun an líníocht thíos a tháirgeadh.




Ordú 1 ____________________

Ordú 2 ____________________

Ordú 3 ____________________

Ordú 4 ____________________

**(b)** Sa tábla thíos, liostaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le líníochtaí CAD a úsáid in áit líníochtaí traidisiúnta peann luaidhe.

| | |
|---|---|
| Buntáiste 1 | ____________________ ____________________ |
| Buntáiste 2 | ____________________ ____________________ |
| Buntáiste 3 | ____________________ ____________________ |

**(a)** Taispeántar bosca méadar leictreachais tipiciúil agus na léamha a ghabhann leis sna léaráidí thall.
Freagair na ceisteanna sna spásanna a thugtar.



**(i)** Cad tá á thomhas ag an uimhir *24621* a thaispeántar ag **A**?


______________________________

**(ii)** Cad is brí le *kWh* a thaispeántar ag **B**?

______________________________

**(iii)** Cén fáth a bhfuil tábhacht leis an uimhir a thaispeántar ag **C**?

______________________________




**(b)** Mínigh cén fáth a n-úsáidtear plocóidí trí phionna le fearais áirithe agus gur plocóidí dhá phionna a bhíonn ag fearais eile.





Míniú ______________________________

______________________________

______________________________

**(c)** Tabhair ainm agus úsáid oiriúnach do **gach ceann** de na huirlisí a thaispeántar thíos agus a mbaineann leictreoirí úsáid astu.



Ainm ____________

Úsáid ____________

____________



Ainm ____________

Úsáid ____________

____________



Ainm ____________

Úsáid ____________

____________

**(a)** Ainmnigh **gach ceann** de na comhpháirteanna a thaispeántar thíos agus luaigh úsáid oiriúnach dóibh.



Ainm ____________________

Úsáid ____________________

____________________



Ainm ____________________

Úsáid ____________________

____________________




Ainm ____________________

Úsáid ____________________

____________________

**(b)** Ainmnigh an comhbhall leictreonach a thaispeántar agus mínigh an fheidhm atá ag na bandaí daite ar chorp an chomhbhaill.



Ainm

____________________


Feidhm na mBandaí

____________________

____________________

____________________

**(c)** Taispeántar léaráid leictreonach d'aláram braiteora thíos. Sa spás a thugtar déan cur síos ar an gcaoi a n-oibríonn ciorcad leictreonach.





Cur Síos ____________________

____________________

____________________

____________________

**(a)** Taispeántar sa léaráid thíos gearrthóir píobán lámhoibrithe. Mínigh an chaoi a n-oibríonn meicníocht an ghearrthóra píobán.







Míniú ______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

**(b)** Sainaithin na meicníochtaí a thaispeántar thíos agus luaigh feidhm oiriúnach le **gach ceann** acu.





| | Ainm | Úsáid |
|---|---|---|
| Meicníocht **A** | | ______________________________ |
| Meicníocht **B** | | ______________________________ |
| Meicníocht **C** | | ______________________________ |

**(a)** Ainmnigh na comhpháirteanna neomatacha **P**, **Q**, **R** agus **S** thíos agus luaigh an fheidhm atá ag **gach ceann** díobh.




| | **Ainm** | **Feidhm** |
|---|---|---|
| **P** | | |
| | | |
| **Q** | | |
| | | |
| **R** | | |
| | | |
| **S** | | |
| | | |

**(b)** Taispeántar druilire neomatach (aerdhruilire) thall. Déan cur síos achomair ar ról na neomataice in oibriú an aerdhruilire.



Leathanach Bán

| Don Scrúdaitheoir amháin | | |
|---|---|---|
| **Ceist** | **Marc** | **Iomlán** |
| **Roinn 1** | | |
| 1 | | |
| 2 | | |
| 3 | | |
| **Roinn 2** | | |
| 4 | | |
| 5 | | |
| 6 | | |
| 7 (a) | | |
| 7 (b) | | |
| 7 (c) | | |
| 7 (d) | | |
| 7 (e) | | |
| **Iomlán** | | |

Leathanach Bán